Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**January 2013**

# Rialtas agus Polaitíocht

## Aonad Measúnaithe A2 1

## An Pholaitíocht Chomparáideach

**[AQ211]**

**DÉ CÉADAOIN 16 EANÁIR, IARNÓIN**

**AM**

2 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRI**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **Rogha A**: An Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá **nó Rogha B**: An Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann.

As na ceisteanna sa rogha agat, déan staidéar ar an fhoinse atá curtha ar fáil agus freagair **1** go dtí **4** agus ceachtar acu **5(a)** nó **5(b)**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1**, **3**, **4** agus **5**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit an t-am scrúdaithe a roinnt de réir líon na marcanna atá ag dul do gach cuid de cheist.
Ba chóir duit tuairim is **40 nóiméad** a chaitheamh ag freagairt cheist **1** i Rannán A.
Moltar duit staidéar a dhéanamh ar an fhoinse sula ndéanfaidh tú iarracht ar bith an cheist seo a fhreagairt agus ba chóir duit tagairt a dhéanamh don fhoinse i do fhreagra.

## Rogha A: An Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá

### Rannán A: Bunreacht na Stát Aontaithe

**Déan staidéar ar an fhoinse thíos agus freagair na ceisteanna seo a leanas.**

**Foinse**

Thar rud ar bith eile, is é is aidhm le Bunreacht SAM ná go díreach go leor cumhachta a chur ar fáil dóibh siúd atá sa rialtas le riar a dhéanamh ar riachtanais na sochaí, agus san am céanna gan aon deis a thabhairt dóibh bunchearta an duine aonair a shárú. Is é atá ráite sa Bhunreacht, i bhfírinne, ná go bhfuil sé inghlactha éifeachtacht an rialtais a theorannú mar gheall ar an ardbhéim a chuirtear ar chearta. Dóibh siúd atá ar aon intinn leis an chothromaíocht seo idir cearta agus rialtas éifeachtach, tá roinnt buntáistí ag bunreacht códaithe SAM.

*Arna chur in oiriúint ó: William Storey, US Government and Politics, 2007, leathanach 22.*

**1** Déan tagairt don Fhoinse agus d’fhaisnéis ábhartha eile a bhfuil staidéar déanta agat air lena mheas cé chomh mór agus a bhíonn Bunreacht SAM go fóill ag cosaint chearta an duine aonair. [30]

**Rannán B: Rialtas sa RA agus i SAM**

**Freagair gach ceann de na ceithre cheist.**

**2** Cad é is ciall don téarma "Oifig Fheidhmiúcháin an Uachtaráin"? Tabhair sampla ábhartha le tacú le do fhreagra. [5]

**3** Mínigh na dóigheanna a dtig leis an Seanad cumhacht an Uachtaráin a shrianadh. [10]

**4** Cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile na fachtóirí a théann i bhfeidhm ar an Phríomh-Aire agus ar an Uachtarán agus iad ag roghnú chomhaltaí na comh-aireachta. [25]

**5** **Ceachtar acu**

**(a)** "Do chomhaltaí Theach na nIonadaithe, tá a bpáirtí tábhachtach; do na Feisirí, is ríthabhachtach é." Déan an dearcadh seo a mheasúnú. [30]

**Nó**

**(b)** "Tá cumas suntasach léirithe ag Comhdháil SAM agus ag an Pharlaimint cur in aghaidh smacht an fheidhmeannais." Déan an dearcadh seo a mheasúnú. [30]

## Rogha B: An Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann

**Rannán A: Bunreacht na hÉireann**

**Déan staidéar ar an fhoinse thíos agus freagair an cheist a leanann:**

**Foinse**

**Text unavailable due to copyright restrictions**

**1** Pléigh an dearcadh go ndeachaigh an Bunreacht chun sochair d'Éirinn agus nach bhfuil athchóiriú ó fhréamh de dhíth air. Déan tagairt i do fhreagra don Fhoinse agus d'ábhar cuí eile a ndearna tú staidéar air. [30]

**Rannán B: Rialtas sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann**

**Freagair gach ceann de na 4 cheist**

**2** Cad é a chiallaíonn an téarma 'bróicéireacht"? Úsáid sampla ábhartha a bheidh mar thaca ag do fhreagra. [5]

**3** Mínigh na dóigheanna ar cáineadh an Seanad. [10]

**4** Cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile an leibhéal smachta atá ag an Phríomh-Aire agus ag an Taoiseach ar a gcuid comh-aireachtaí. [25]

**5** **Ceachtar acu**

**(a)** "Ní raibh iniúchadh sa Dáil riamh chomh héifeachtach le hiniúchadh i dTeach na dTeachtaí." Déan an dearcadh seo a mheasúnú. [30]

**Nó**

**(b)** "Bíonn saoirse reachtúil i bhfad níos mó ag Príomh-Aire na Ríochta Aontaithe ná mar atá ag Taoiseach na hÉireann." Déan an dearcadh seo a mheasúnú. [30]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.